

# CRIPTEACHALAOISÍ & CAMSCÉIMEANNA

## FAN AR AN AIRDEALL AGUS COSAIN TÚ FÉIN



Mar gheall ar an bhfás tapa atá ag teacht ar chripteachalaoisí agus mar gheall ar a ngnéithe sonracha – inrochtaineacht dhomhanda, luas, anaithnideacht, agus do-athraitheacht idirbheart go minic – bíonn cibearchoirpigh dírithe ort. Baineann calaoiseoirí agus caimiléirí úsáid as bearta sofaisticiúla chun bob a bhualadh ort, amhail ‘scéimeanna Ponzi’, deiseanna infheistíochta bréige, tairiscintí saor in aisce ar na meáin shóisialta agus teachtaireachtaí bréagacha. Úsáideann siad camscéimeanna infheistíochtaí rómánsaíochta nó seoltaí comhchosúla chun do sparán a nimhiú. Tagann siad ort go minic trí na meáin shóisialta, trí ríomhphost, trí ghlaonna teileafóin gan choinne agus trí aipeanna teachtaireachtaí a mbíonn cuma dhlisteanach orthu. D’fhéadfá a bheith i mbaoil caillteanas airgeadais, goid aitheantais, agus anacair mhothúcháin.

Bí cúramach agus lean na moltaí tábhachtacha seo chun fanacht sábháilte:



**Bí ar an airdeall maidir le cripteachalaois agus camscéimeanna ionchasacha:**  
foghlaim faoi na cineálacha éagsúla calaoise agus camscéimeanna (féach [leathanach 5](#), 6, 7 agus 8)



**Aithin comharthaí rabhaidh:**  
foghlaim conas iompraíochtaí, teachtaireachtaí nó tairiscintí amhrasacha a aithint (féach [leathanach 2](#))



**Cosain tú féin agus do shócmhainní:**  
daingnigh do chuid faisnéise pearsanta (féach [leathanach 3](#))



**Bíodh a fhios agat cad atá le déanamh má dhéantar calaois nó caimiléireacht ort**  
(féach [leathanach 4](#))



## Comharthaí rabhaidh



Gealltanús atá ró-mhaith le bheith fíor.



Tairiscint gan iarraidh.



Gealltar toradh tapa, ard.



Práinn le gníomhú (e.g. tairiscintí a mbaineann teorainn ama leo agus a chuireann brú ort gníomhú láithreach).



Iarratas ar íocaíocht trí mhodhanna neamh-inrianaithe (e.g. criptea-airgeadraí, cártaí bronnánais, aistrithe sreinge, nó cártaí dochair réamhíoctha).



Cuireadh chun cliceáil ar nasc, cód QR a scanadh nó aip a íoslódáil.



Iarratas chun eochracha príobháideacha agus frásaí athshlánaithe (liosta focal chun do chripteasparán a rochtain agus a aisghabháil) a sheoladh nó a roinnt.



URL amhrasach nó mícheart.



Lógó le saobhadh beag, suíomh gréasáin a dhéanann aithris ar shuíomh gréasáin fíorchuideachta nó a bhfuil cuma ghairmiúil air ach a bhfuil sonraí teagmhála fíoraithe, faisnéis chlárúcháin cuideachta, cuntas teiste, nó láithreach infhíoraithe in easnamh.



Ardán malartaithe anaithnid.



Ceangal amhrasach, go háirithe .exe, .scr, .zip, nó comhad macra-chumasaithe Office (.docm, .xlsm).

## Céimeanna chun tú féin a chosaint:

1

### Fan agus smaoinigh sula ngníomhóidh tú:

Ná déan infheistíocht, ná roinn faisnéis, nó ná cliceáil ar naisc- cruthaíonn caimiléirí splanc phráinne d'aon ghnó. Má bhíonn aon amhras ort, fiú mionamhras, ná déan beart ar bith nó ná déan infheistíocht agus seiceáil an fhoinsé go cúramach.

2

### Seiceáil an fhoinsé go cúramach:

- Fóraigh i gcónaí cá as a dtagann na teachtaireachtaí, na glaonna, na ríomhphoist agus na naisc, fiú má tá cuma oifigiúil orthu, nó más cosúil go bhfuil siad ag teacht ó chara leat nó ó dhuine de do theaghlach, nó fiú ó dhuine poiblí. Coinnigh súil amach do bhotúin litrithe, URLanna aisteacha, nó do tháscairí slándála atá in easnamh e.g. fóraigh go bhfuil 's' in 'HTTPS' i nasc an tsuímh gréasáin chun a chinntiú go bhfuil an suíomh gréasáin slán, agus seiceáil an bhfuil aon litir bhreise nó aon litir in easnamh in ainm na cuideachta.
- Ná hoscail naisc i dteachtaireachtaí gan iarraidh, ná suiteáil ach feidhmchláir oifigiúla trí aipmhargaí iontaofa, agus ná déan cóid QR anaithnide a scanadh.
- Fiú má tá cuma oifigiúil ar thairiscint, déan í a chros-seiceáil i gcónaí ar shuíomh gréasáin na cuideachta nó seiceáil go bhfuil an cuntas meán sóisialta fíoraithe (e.g. le seicmharcanna oifigiúla).
- Bain úsáid as sonraí teagmhála fíoraithe chun teacht ar an gcuideachta nó ar an duine aonair go díreach agus gan brath riamh ar na sonraí teagmhála a sholáthraíonn an calaoiseoir amhrasta (e.g. déan cuardach neamhspleách ar ainm na cuideachta, bain úsáid as eolairí gnó fíoraithe). B'fhéidir go maífidh caimiléirí go bhfuil siad údaraithe nó b'fhéidir go ndéanfaidh siad aithris ar shuíomh gréasáin cuideachta údaraithe. Is féidir leat a fhíorú an bhfuil soláthraí cripteashócmhainní údaraithe san Aontas Eorpach trí chlár ESMA a sheiceáil ([↗](#)). Is féidir leat féachaint freisin ar shuíomh gréasáin d'údarais airgeadais náisiúnta ([↗](#)) chun a fháil amach ar eisíodh aon rabhadh nó dúliosta nó liosta I-SCAN IOSCO ([iosco.org/i-scan/](https://iosco.org/i-scan/)).

3

### Ná roinn pasfhocail, eochracha príobháideacha ná frásaí athshlánaithe riamh:

Is féidir le duine ar bith a bhfuil rochtain acu orthu smacht a fháil ar do shócmhainní. Ní iarrfaidh cuideachtaí dlisteanacha do phasfhocail nó cóid slándála riamh trí ríomhphost, téacs nó fón.

4

### Gléasanna agus eochracha príobháideacha a choinneáil slán:

Úsáid pasfhocail láidre uathúla do gach ceann de do chripteachuntais, coinneigh do phasfhocal faoi rún, agus seachain na dintiúir chéanna a athúsáid ar ardáin éagsúla. Cumasaigh fíordheimhniú ilmhodha nuair is féidir. Féach roinnt moltaí maidir le pasfhocail anseo ([↗](#)). Coinnigh do bhogearraí agus do chosaint frithvíreas cothrom le dáta agus gníomhachtaithe.

5

### Bí cúramach le tairiscintí infheistíochta gan choinne:

Bí aireach ar infheistíochtaí a gheallann torthaí ollmhóra. Más cosúil go bhfuil sé ró-mhaith a bheith fíor, is dócha go bhfuil.

6

### Smaoinigh sula roinneann tú faisnéis ar na meáin shóisialta:

Is féidir le grúpaí comhrá, fóraim, postálacha ar na meáin shóisialta agus grianghraif a bheith ina bhfoinsí luachmhara eolais do chaimiléirí. Má nochtann tú an iomarca eolais fút féin nó faoi d'infheistíochtaí, tarraingeoidh tú aird na gcaimiléirí ort féin.

# Cad atá le déanamh má dhéantar calaois nó caimiléireacht ort



## Cuir stop láithreach le hidirbhearta:

Chun aon aistrithe breise chuig cuntais amhrasacha a bhlocáil agus caillteanais bhreise a sheachaint. Stop gach teagmháil leis na caimiléirí – déan neamhaird dá nglaoanna agus dá ríomhphoist agus cuir bac ar an seoltóir.



## Athraigh do chuid pasfhocal ar do chuid gléasanna agus aipeanna/suíomhanna gréasáin go léir:

Ceannaíonn calaoiseoirí pasfhocail sceite ar líne agus déanann siad iarracht iad a thriail ar iliomad cuntas. Ní leor pasfhocal amháin a athrú; déan cinnte go n-athraíonn tú iad go léir sa chaoi is nach féidir le calaoiseoirí iad a athúsáid.



## Dícheangail agus tarraing siar cead rochtana:

Déan ceadanna amhrasacha i do chomhaontú digiteach a ritheann go huathoibríoch ar an mblocshlabhra (conradh cliste) a tharraingt siar chun cosc a chur ar chaimiléirí do chuid ceadchomharthaí a chaitheamh gan do thoiliú. Tairgeann go leor sparán agus taiscéalaithe blocshlabhraí uirlisí a ligeann duit a fheiceáil cé na conarthaí cliste ar féidir leo do chuid ceadchomharthaí a chaitheamh faoi láthair. Chun é sin a dhéanamh is féidir leat:

- úsáid a bhaint as ‘seiceálaí cead’ iontaofa, lena bhfóraitear an bhfuil úsáideoir nó seoladh blocshlabhra údaráithe chun oibríocht a chur i gcrích.
- athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na gceaduithe, agus
- úsáid a bhaint as an gcnaipe ‘revoke’ go díreach ar an ardán.



## Bog do chistí:

Má chuirtear do sparán i mbaol, aistrigh na sócmhainní atá fágtha láithreach chuig sparán slán nua.



## Déan teagmháil le do chripteasholáthraí:

Cuir do chripteasholáthraí ar an eolas a luaithe is féidir trí bhealaí teagmhála oifigiúla a úsáid, chun roghanna féideartha a fhiosrú. Fiú más rud é, i bhformhór na gcásanna, nach mbeifear in ann an t-idirbheart blocshlabhra a aisiompú, b’fhéidir go mbeidh an soláthraí in ann cuntas an chaimiléara a reo (má tá sé ar a n-ardán) agus an seoladh sparáin a dhúliostú.



## Tabhair tuairisc agus foláireamh:

Tuairiscigh an teagmhas do do stáisiún áitiúil de chuid an Gharda Síochána nó do Bhiúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch ag [GNECB.DistrictOffice@garda.ie](mailto:GNECB.DistrictOffice@garda.ie), do do bhanc, más rud é go ndearnadh airgead a aistriú, agus do Bhanc Ceannais na hÉireann trí úsáid a bhaint as an bhfoirm um thuairisciú ar líne ag [🔗](#) agus cuir do líonra (e.g. cairde agus teaghlaigh) ar an eolas chun feasacht a spreagadh. Is iad na gníomhartha seo an bealach is fearr chun tú féin agus daoine eile a chosaint.



## Bí ar an eolas faoi chalaois ‘seomra aisghabhála’:

Féadfaidh an calaoiseoir teagmháil a dhéanamh leat mar íospartach camscéime roimhe seo, ag maíomh gur údarás poiblí é (e.g. póilíní, údarás cánach nó airgeadais etc.), agus ag tairiscint d’airgead caillte a aisghabháil ar tháille. Is minic gur iarracht eile é seo chun caimiléireacht a dhéanamh ort. Cuimhnigh: má dhéantar caimiléireacht ort uair amháin, ní hionann sin is a rá nach dtarlóidh sé arís.

Féach an comhrabhadh ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní ([🔗](#)) agus an bhileog eolais ‘Míniú ar Chripteashócmhainní: Cad a chiallaíonn MiCA duitse mar thomhaltóir’ ([🔗](#)).

## Cineálacha Camscéimeanna



### SCÉIM 'PUMPÁIL AGUS DUMPÁIL' NÓ 'BAINT NA gCOS'

Feiceann tú fógra ar na meáin shóisialta nó ar shuíomh gréasáin a chuireann 'deis infheistíochta tréimhse teoranta' i gcrípte-airgeadra chun cinn, agus a mholann duit infheistíocht a dhéanamh i gcrípteachomhartha nó i dtionscadal crípte-airgeadra nua. Má léiríonn tú spéis ann, déantar teagmháil leat agus atreoraítear tú chuig ardán crípteamhalartaithe nó chuig cainéal teachtaireachtaí (e.g. Telegram, Viber, nó WhatsApp). Geallann teagmhálaí a dhealraíonn a bheith inchreidte go mbeidh brabúis thapa nó torthaí arda ann duit má infheistíonn tú go pras. Moltar duit méid beag a infheistiú agus ansin cuirtear brú ort níos mó a infheistiú.

#### Cad a d'fhéadfadh tarlú:

Faigheann tú amach nach fiú an comhartha infheistithe agus ní thugann an teagmhálaí a bhí agat aon fhreagairt ort. Nuair a dhéanann tú iarracht do chuid airgid a tharraingt siar, níl an suíomh gréasáin ann a thuilleadh, agus níl an chuideachta inrochtana. Rinne na caimiléirí crípteashócmhainn luacha ísil a bhoilsciú go saorga nó rinne siad lua thar ceart uirthi chun a luach a mhéadú ('pumpáil'), ansin dhíol siad a gcuid sócmhainní ('dumpáil'), rud a d'fhág gur chlis an luach agus go raibh caillteanais ag infheisteoirí. De rogha air sin, d'fhéadfaidís an tionscadal a dhúnadh síos agus imeacht leis na cistí ('baint na gcos').



### CAMSCÉIM PEARSANAITHÉ

Tar éis duit ceist a phostáil ar ardán meán sóisialta nó ar shuíomh gréasáin faoi shaincheist críptearsparáin, faigheann tú teachtaireacht dhíreach (DM) nó ríomhphost gan choinne ó dhuine a ligeann air féin gur teagmhálaí iontaofa é (e.g., crípteamhalartán, soláthraí sparán, tacaíocht TF, nó cara fiú). Iarrann an duine do fhrása athshlánaithe (i.e. seicheamh focal a fheidhmíonn mar chúltaca lárnach chun rochtain a fháil ar do sparán digiteach), pasfhocail, nó eochracha príobháideacha (cód críptearafach a ghintear go huathoibríoch agus a chruthaíonn úinéireacht sócmhainní digiteacha).

#### Cad a d'fhéadfadh tarlú:

Nuair a roinneann tú d'fhrása athshlánaithe, pasfhocail, nó eochracha príobháideacha, úsáideann an caimiléir iad chun do críptichistí nó cistí eile a ghoid. Cuimhnigh go gcaillfear rochtain agus úinéireacht ar do chrípteashócmhainní ar bhonn buan do-athraithe má chailleann tú d'eochracha príobháideacha. Murab ionann agus idirbhearta bainc, i gcás crípte-aistrithe, nuair a bheidh do chistí imithe, tá aisghabháil beagnach dodhéanta.



## FIOSCAIREACHT

Faigheann tú teachtaireacht gan choinne trí ríomhphost, fón, mír aníos, nó na meáin shóisialta, ag maíomh go bhfuil sí ag teacht ó sholáthraí cripteashócmhainní aitheanta. Tugann an teachtaireacht cuireadh duit logáil isteach nó aip nua a íoslódáil. D'fhéadfá ríomhphost a fháil freisin a bhfuil an chuma air go bhfuil sé ag teacht ó d'aip cripteasparáin, ag moladh duit saincheist slándála a réiteach trí chliceáil ar nasc arna sholáthar ag foinse neamhoifigiúil, nó tríd an aip a nuashonrú.

### Cad a d'fhéadfadh tarlú:

*Trí chliceáil ar an nasc, an aip a íoslódáil, nó cód QR a scanadh, suiteálann tú bogearra mailíseach a ligeann don chaimiléir rochtain a fháil ar an bhfaisnéis agus í a úsáid chun do chripteashócmhainní nó do chistí a ghoid.*




## CAMSCÉIM TABHARTAIS IN AISCE

Tagann tú trasna ar fhógra ar na meáin shóisialta ag maíomh go bhfuil cuideachtaí ag tabhairt cripteashócmhainní saor in aisce má dhéanann tú infheistíocht bheag i gcripteashócmhainní. Bíonn físeán i gceist nó postáil ina bhfuil grianghraif de dhuine cáiliúil nó de bhranda – a bhíonn falsa de ghnáth nó a fhaightear gan údarú – ag gealladh 'do chriptea-airgeadra a dhúbailt' má sheolann tú airgead ar dtús. Bíonn cuma ghairmiúil agus oifigiúil ar an lógó, an leagan amach, na teistiméireachtaí, agus an teanga a úsáidtear, agus ar an suíomh gréasáin a ndéantar tú a atreorú chuige.

### Cad a d'fhéadfadh tarlú:

*Tar éis duit do chriptea-airgeadra a sheoladh, ní fhaigheann tú aon rud ar ais, agus cailleann tú an t-airgead a bhí seolta agat. Bhí an tabhartas in aisce bréagach, agus ceapadh an post nó an sruth beo ina ndearnadh pearsanú ar dhaoine cáiliúla nó cuideachtaí chun dallamullóg a chur ort.*



## CAMSCÉIM INFHEISTÍOCHTA RÓMÁNSAÍOCHTA

Déanann duine nár bhuail tú leis ina steillbheatha teagmháil leat ar na meáin shóisialta, ar aipeanna geandála, nó ar an bhfón/téacs. Seans go ndéanfaidh an duine seo comhrá pearsanta, rómánsúil leat go minic, ag cothú muiníne trí phróifílí bréige a úsáid. De réir a chéile, stiúran siad an comhrá i dtreo deiseanna airgeadais, ag maíomh go mbeidh brabúis ollmhóra ar fáil ó infheistíochtaí i gcrípteachócmhainní agus ag moladh duit infheistíocht a dhéanamh ag gealladh go mbeidh torthaí arda agus riosca íseal i gceist. Tabharfaidh siad treoracha duit maidir le cuntas a bhunú agus taisce bheag tosaigh a dhéanamh chun go mbeidh cuma dhlisteanach ar an scéim.

Cruthaíonn caimiléirí próifílí bréige ar líne agus úsáideann siad grianghraif atá goidte acu nó ginte ag an Intleacht Shaorga chun dul i dteagmháil leat.

### Cad a d'fhéadfadh tarlú:

Baineann an caimiléir an oiread airgid agus is féidir uait, ansin gearrann sé gach cumarsáid agus imíonn gan tásc ná tuairisc. Baintear anuas an suíomh gréasáin nó an aip infheistíochta chalaioiseach, rud a fhágann nach bhfuil aon rochtain agat ar na hinfeistíochtaí ceaptha. I gcásanna áirithe, féadfaidh caimiléirí an fhaisnéis a fhaightear le linn na camscéime a úsáid chun díriú ar do chairde agus ar do theaghlach agus goid aitheantais a dhéanamh a bhféadfadh iarmhairtí airgeadais nó dlíthiúla a bheith aige duit (e.g. is féidir leis an gcalaioiseoir sparáin ghoidte a fhíorú i d'ainm agus d'fhéadfá a bheith freagrach as fiacha nó coireanna a dhéantar faoi d'ainm go dtí go gcruthófar a mhalairt).



## SCÉIM PONZI

Tugtar cuireadh duit páirt a ghlacadh i dtionscadal a gheallann torthaí arda comhsheasmhacha ó infheistíochtaí crípteachócmhainní, agus teistiméireachtaí nó scéalta ratha bréige mar thaca leo go minic. Is féidir an scéim a chur i láthair mar dheis margaíochta il-leibhéil, áit a dtuillteann tú luach saothair ní hamháin ó d'infheistíocht féin, ach freisin trí dhaoine eile a earcú. Is cosúil go bhfaigheann infheisteoirí luatha íocaíochtaí, rud a spreagann níos mó daoine chun páirt a ghlacadh sa scéim agus í a chur chun cinn.

I ndáiríre, níl aon ghnó ná brabús dáiríre á ghiniúint. Ina ionad sin, ní thagann an t-airgead ach ó ranníocaíocht infheisteoirí nua agus úsáidtear é chun íocaíochtaí a dhéanamh le heagraithe na scéime agus leis na chéad rannpháirtithe.

### Cad a d'fhéadfadh tarlú:

Chomh luath agus a mhoillíonn infheistíochtaí nua, titeann an scéim, agus, mar aon le mórchuid na rannpháirtithe, caillfidh tú do chuid airgid. Imíonn na heagraithe gan tásc ná tuairisc, rud a fhágann nach bhfuil aon bhealach ann cistí a aisghabháil. Cuidíonn an struchtúr il-leibhéil leis an gcamscéim a scaipeadh go tapa, de réir mar a bhíonn íospartaigh ina dtionscnóirí i ngan fhios dóibh.



## SEOLADH COMHCHOSÚIL LENA NDÉANTAR DO SPARÁN A NIMHIÚ

Tar éis duit cripti-idirbheart a dhéanamh, tugann tú seoladh nua faoi deara atá le feiceáil i do stair sparán. Breathnaíonn an seoladh seo cosúil le seoladh a raibh tú ag idirghníomhú leis roimhe seo. Is féidir le caimiléirí seoltaí sparán bréige a dhéanamh a bheidh le feiceáil agat i do stair idirbhirt trí mhéid beag criptea-airgeadra a sheoladh chuig do sparán ó sheoladh comhchosúil. Ar an gcaoi sin, stóráiltear an seoladh bréige a chruthaigh an caimiléir i ngníomhaíocht nó i bhféin-inmheabhrú do sparáin. Cruthaíonn caimiléirí seoltaí comhchosúla d'aon ghnó trí chúpla carachtar a athrú, go minic i lár an tseolta, sa chaoi nach ndéanfar iad a bhrath.

### **Cad a d'fhéadfadh tarlú:**

*Nuair a dhéanann tú iarracht criptea-airgeadra a sheoladh agus an seoladh mícheart a chóipeáil ó do stair sparán, seolann tú cistí chuig sparán an chaimiléara i ngan fhios duit féin. Toisc go mbíonn cripti-idirbhearta do-athraithe go minic, cailltear do chistí go buan i bhformhór na gcásanna. Braitheann an chamscéim seo ar mheabhlaireacht amhairc agus ar earráid úsáideora, ag baint leas as an nós a bhaineann le seoltaí sparán a chóipeáil agus a ghreamú gan mionscrúdú a dhéanamh orthu.*